Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Márta 2020
(OR. en)

5142/20
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0140 (COD)**

TRANS 12
MAR 6
TELECOM 4
MI 7
COMER 2
CYBER 3
ENFOCUSTOM 3
DATAPROTECT 4
IA 2
CODEC 17

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn Rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais a ghlacadh<br>- Dréachtráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 17 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, mar chuid den tríú pacáiste 'An Eoraip ag Gluaiseacht', atá dírithe ar shoghluaisteacht san Eoraip a dhéanamh níos sábháilte, níos glaine, níos éifeachtúla agus níos inrochtana, chun tairbhe shaoránaigh uile an Aontais.

2. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim maidir leis an togra ag an seisiún iomlánach a bhí aige an 17 Deireadh Fómhair 2018. Chinn Coiste na Réigiún gan aon tuairim a thabhairt uaidh maidir leis an togra seo.

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 12 Márta 2019.

4. Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra sin ar an 6 Meitheamh 2019.

5. Thosaigh an chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa ar an 25 Meán Fómhair 2019. Tionóladh an tríú cruinniú trípháirteach neamhfhoirmiúil, arb é an ceann deiridh é, ar an 26 Samhain 2019, agus comhaontú sealadach foriomlán a bhí mar thoradh air.

6. Rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) anailís ar an téacs comhréitigh sealadach d'fhonn teacht ar chomhaontú an 18 Nollaig 2019[1].

7. Vótáil coiste TRAN Pharlaimint na hEorpa ar son an téacs chomhréitigh shealadaigh chéanna an 21 Eanáir 2020. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach Choiste TRAN Pharlaimint na hEorpa litir dar dáta an 23 Eanáir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gurbh amhlaidh, dá nglacfadh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an gcomhaontú sealadach foriomlán comhaontaithe, go molfadh sí don seisiún iomlánach glacadh leis an seasamh ón gComhairle gan aon leasú ar an dara léamh sa Pharlaimint, faoi réir dearbhú dlítheangeolaíoch.

8. An 18 Feabhra 2020, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil[2] maidir leis an togra ar mhaithe le seasamh a ghlacadh ar an gcéad léamh.

9. Tar éis an athbhreithnithe dlítheangeolaíoch, an 24 Márta 2020, ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach in 5142/20.

## II. CUSPÓIR

10. Is é aidhm ghinearálta an togra creat aonfhoirmeach dlíthiúil a bhunú do tharchur faisnéis digití faoi iompar lastais agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le héifeachtúlacht níos fearr in earnáil an iompair.

[1] 14793/1/19 REV 1, 14793/19 ADD 1 agus 14793/1/19 REV 1 COR 1.
[2] 5394/20.

## III. <u>ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH</u>

### A. Ginearálta

11. Ar bhonn an togra ón gCoimisiún, chuaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta d'fhonn teacht ar chomhaontú.

12. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, dá bhrí sin, leasaítear an togra bunaidh ón gCoimisiún trí athdhréachtú páirteach a dhéanamh air, ar bhonn an chomhaontaithe ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa.

### B. Na príomh-shaincheisteanna beartais

13. Seo a leanas na príomhathruithe a cuireadh ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh:

***(a) Raon feidhme***

14. Ar mhaithe le soiléireacht, leis an seasamh ón gComhairle, déantar miontuairisc ar raon feidhme an Rialacháin sa chuid a bhaineann le cur chun feidhme seachas sna hiarscríbhinní, faoi mar a mhol an Coimisiún ar dtús.

***(b) Ceanglais ar na húdaráis inniúla***

15. Ós rud é nach féidir an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach sula dtaga na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme dá bhforáiltear ann i bhfeidhm, leis an seasamh ón gComhairle soiléirítear an nasc idir an tráth a ghlacfaidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme agus dáta chur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar ar na húdaráis inniúla. Go sonrach, foráiltear ann go mbeidh ar na húdaráis inniúla faisnéis rialála a chuirfidh na hoibreoirí eacnamaíocha ar fáil ar mhodh leictreonach a ghlacadh ó 30 mí tar éis theacht i bhfeidhm an chéad cheann de na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 8 den Rialachán.

*(c) Gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme*

16. I dtaca le measúnú ar chineál na gcumhachtaí atá le tabhairt don Choimisiún, táthar tar éis na forálacha a bhunaigh an Coimisiún maidir le bunú 'tacar comhchoiteann sonraí eFTI, nósanna imeachta agus rialacha maidir le rochtain' a dheighilt ina n-airteagail ar leith sa seasamh ón gComhairle.

17. Foráiltear, go sonrach, go mbunóidh an Coimisiún 'tacar comhchoiteann sonraí eFTI agus fothacair chomhchoiteanna sonraí eFTI' trí ghníomhartha tarmligthe (Airteagal 7) agus go saineoidh sé 'Nósanna imeachta comhchoiteanna agus rialacha maidir le rochtain' (Airteagal 8) trí ghníomhartha chur chun feidhme.

18. Leis an seasamh ón gComhairle, soiléirítear go mbeidh ar an gCoimisiún na chéad gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme sin a ghlacadh tráth nach déanaí ná 30 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin.

*(d) Ceanglais fheidhmiúla maidir le hardáin eFTI*

19. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, mionsonraíochtaí maidir le ceanglais fheidhmiúla na n-ardán eFTI. Ar mhaithe leis an gcóras eFTI a choinneáil cothrom le dáta, foráiltear sa seasamh ón gComhairle go bhféachfaidh an Coimisiún, agus na sonraíochtaí sin á bhforbairt aige, le hidir-inoibritheacht na n-ardán eFTI a áirithiú, go gcuirfidh sé san áireamh na réitigh agus na caighdeáin theicniúla ábhartha atá ann cheana, agus go n-áiritheoidh sé go bhfanfaidh na sonraíochtaí sin, a mhéid is mó is féidir, neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de.

*(e) Athbhreithniú*

20. D'fhonn soiléiriú a dhéanamh ar an obair leantach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán seo, leis an seasamh ón gComhairle coigeartaítear an clásal athbhreithnithe dá bhforáiltear sa togra ón gCoimisiún.

21. Déantar an méid seo go háirithe sa seasamh ón gComhairle – (i) an spriocdháta don Choimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán a choigeartú: i.e. 8.5 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm, nó 4.5 bliana tar éis dáta a chur i bhfeidhm; agus (ii) ceanglas breise a chur ar an gCoimisiún foráil a dhéanamh maidir le measúnú ar cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí tuilleadh idir-inoibritheachta a bhunú idir na hardáin éagsúla a úsáidtear chun faisnéis rialála a thaifeadadh agus a phróiseáil, agus maidir le measúnú ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh cur i bhfeidhm an Rialacháin chun modhanna leictreonacha a úsáid chun faisnéis rialála a sholáthar do na húdaráis inniúla a bheith éigeantach d'oibreoirí eacnamaíocha. I gcás inarb iomchuí, foráiltear go mbeidh togra reachtach ag gabháil leis an measúnú sin.

***(e) Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

22. Leis an seasamh ón gComhairle soiléirítear an amlíne maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus foráiltear ann go mbeidh feidhm aige ceithre bliana tar éis a theacht i bhfeidhm cé is moite de na forálacha a leagtar amach in Airteagal 2(2), Airteagal 5(4), Airteagal 7, Airteagal 8, Airteagal 9(2) agus Airteagal 10(2).

## IV. CONCLÚID

23. Leis an seasamh ón gComhairle cuirtear i dtreis príomhchuspóir an togra ón gCoimisiún agus déantar an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún, a léiriú go hiomlán leis. Maidir leis na leasuithe a mhol Parlaimint na hEorpa, feictear don Chomhairle go bhfuil líon áirithe de na leasuithe sin curtha isteach ina comhsheasamh aici cheana féin – bíodh sé sin ina n-éirim, i bpáirt nó ina n-iomláine.

24. Creideann an Chomhairle, más ea, gur léiriú cothrom é an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh ar thoradh na caibidlíochta agus gur céim shuntasach chun tosaigh an méid sin i dtreo dhigitiú na hearnála iompair, as a dtiocfaidh nósanna imeachta riaracháin níos simplí agus éifeachtúlacht níos fearr in earnáil an iompair.